


## Cleachtadh ar na gutaí

Is fearr cleachtadh a dhéanamh ar na gutaí seo ag tús gach seisiúin le cur ina luí ar na cantóirí nach n-ionann na gutaí sa chaint agus sa chanadh. Bíonn na gutaí seo thíos glan, gan défhoghar, gan an béal a bheith ag bogadh nuair atáthar ag canadh.


A: Iodálach, oscailte go mór.




É : Ní dhéantar défhoghar as an fhuaim seo. Fág amach an dara siolla den défhoghar.




Í: Déan an fhuaim leis an teanga, ansin cuir na beola chun tosaigh i bhfoirm “u”. Cinntíonn sé seo nach bhfuil an fhuaim tanaí, go háirithe ar na nótaí arda, agus tugann sé saibhreas breise don fhuaim.



Ó: Beola dúnta, fuaim ghlan gan aon chuid den bhéal a bhogadh.



Ú: Beola beagnach dúnta. Creathán le mothú sna beola nuair atáthar ag canadh.



# Gutaí Dúbailte

Bíonn deacracht faoi leith ag Éireannaigh leis na gutaí dúbailte i lár focail sa Ghaeilge go minic. Bíonn dhá shiolla ar ghutaí cosúil le “ua” agus “ia” mar atá san fhocal Béarla “Maria”. Déan cinnte go bhfuaimnítear an dá ghuta. Seachain “Úlach Dinn” agus “Cípe”

ua ia ualach dian.

ia ua ciapadh cruu.

# Cleachtadh ar na consain

Tá tábhacht faoi Leith ag baint le consain mar go gcuireann siad fuinneamh agus poncaíocht sa cheol. Is féidir iad a úsáid mar a bheadh cnaguirisí ann le béim nó boige a chur leis an fhuaim. Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh na fuaimeanna céanna á dhéanamh ag gach duine sa chór.

P Pléascach: Fuaim atá lán le fuinneamh.

Preabann Pól an piobar mór is piocann Peadar pis is pónaire.

D/T leathan: Tá an fhuaim seo bog, agus níl sé cosúil le D/T an Bhéarla. Go minic fuaimníonn Éireannaigh “this, that, these, those” cosúil leis an D leathan sa Ghaeilge. Go minic fuaimníonn Éireannaigh “Thomas thinks” mar T leathan na Gaeilge.

Dúnann Dónal doras dubh is tugann Tomás táirne dó.

D/T Caol: Fuaimníonn an D caol cosúil le “j” sa Bhéarla, agus an T caol cosúil le “church” an Bhéarla.

Déanann Diarmuid dinnéar deas is téann Tiarnán go teach an tiarna.